

Reifreann 2015

Mar a sheasann sé faoi láthair, is rud mídhleathach é do lanúineacha aeracha pósadh agus níl cothrom na féinne acu faoi bhunreacht s'againne.

Rathfaí an ghluaiseacht seo, comhionannas bunreachtúil fá choinne saoránaigh aeracha agus leispiacha. Is rud difriúil agus leithleach é pósadh comhghnéis ón pósadh reiligiúnda. Ní féidir brú a chur ar an institiúid reiligiúnda daoine aeracha a pósadh in aghaidh a dtuairimí. Má éiríonn leis an ghluaiseacht ar son pósadh comhionannas, beidh lanúineacha aeracha ábalta pósadh gan trioblóid ar bith!

Ní dhéanfaidh sé seo difir ar bith do shaol dhaoine eile dá gceadfaí é. B'fhéidir nach bhfuil aithne agat ar dhaoine aeracha anois, ach is dócha go mbeidh má éiríonn leis an reifreann, mar tugtar muinín agus misneach dona daoine seo agus ní bheidh scanradh orthu a mothúcháin a chur in iúl.

Creidim féin i dtír cothrom agus cóir ina bhfuil gach duine ar chomhchéim lena chéile. Má chreideann tú é seo freisin, caith an vóta 'Tá' sa reifreann. Má éiríonn leis an vóta 'Tá' sa reifreann, is ionann sin agus 'Tá' don pósadh, 'Tá' do chomhionannas agus 'Tá' do shochaí na hÉireann a neartú. Ach beidh le feiceáil. Mar a deir an seanfhocal:

"Níl leigheas ar an ghrá ach pósadh!"